



Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2020

Scoileanna Caitliceacha: Maireachtáil go Sítheach le Gach ar Chruthaigh Dia



Is féidir linne comhoibriú lena chéile mar ghiollaí Dé,
le haire a thabhairt do gach ar chruthaigh sé.

SCOILEANNA CAITLICEACHA:

MAIREACHTÁIL GO SÍTHEACH
LE GACH AR CHRUTHAIGH DIA

26 EANÁIR – 2 FEABHRA 2020




An Aoine: Maireachtáil go Sítheach sa Scoil Chaitliceach

31 Eanáir 2020

Eochairfhocail:

Dlúthpháirtíocht, Stair, Oidhreacht, Meas, Tacaíocht, Glacadh, Comhshaol, Éagsúlacht, Ionchuimsiú, Gníomh, Freagracht, Grá, Creideamh, Tionchar, Fáilte, Misean



Ráiteas Misin: An bhfuil ráiteas misin na scoile sin agaibhse ar eolas agat? Seo ráiteas misin ó scoil Dhoiminiceach na gcaillíní.

Ár misean: oideachas de réir spiorad San Doimínic a chur ar na cailíní:

- Aithnímid agus freastalaímid ar na riachtanais agus ar na buanna uathúla atá ag an dalta indibhidiúil;
- Cothaítear gaolta deimhneacha, measúla, ionchuimsitheacha i measc na ndaltaí;
- Tugtar dúshlán na ndaltaí labhairt ar bhealach macánta ionraic

Obair i nGrúpaí: Beidh cóip de ráiteas misin na scoile uaibh don obair seo. An bhfuil sé i ndialann na scoile, nó an féidir é a fháil ar shuíomh ghréasáin na scoile? Ag obair i ngrúpaí daoibh, déan na ceistanna seo a chíoradh:

An luaitear bunaitheoir/í na scoile sa mhisean ráitis? Cén t-eolas atá agaibh faoin mbunaitheoir? An bhfuil a fhios agaibh cén áit agus cathain a rugadh an duine sin?

Cuir líne faoi na briathra is tábhachtaí sa ráiteas, nó aibhsigh i ndath amháin iad. Is iad seo na briathra is tábhachtaí: aithnímid, freastalaímid, cothaítear, tugtar dúshlán, labhairt.

Cuir líne faoi na focail nó na fráasáí tábhachtacha eile, nó aibhsigh i ndath éagsúil iad m.sh.: riachtanais, buanna uathúla.

Gníomhaíocht Fhairsingithe: Déan taighde, nó bíodh sé mar obair bhaile agaibh, tuilleadh a fháil amach faoi bhunaitheoir/í na scoile. Cén spreagadh, agus cad iad na tosaíochtaí a bhí ag an mbunaitheoir/í nuair a bunaíodh an scoil?

Cad iad na tosaíochtaí a bheadh roimh bhunaitheoir an lae inniu?



‘Is pobal Críostaí é an scoil Chaitliceach ina n-aithnítear go mbaineann an luach céanna le gach aon dalta, agus ina dtugtar taithí dhílis an mhuintearais dóibh.’

Guidelines on the Inclusion of Students of Other Faiths in Catholic Secondary Schools, Aiveen Mullally (JMB/AMCSS, 2010)

Gníomhaíocht: Breathnaigh siar ar na focail a rinne sibh aibhsiú orthu sa ráiteas misin agus maidir leis an ionchuimsitheacht.

Déan ransú smaointe i mbeirteanna maidir leis na bealaí éagsúla ina léiríonn an scoil meas ar an dalta indibhidiúil, ina dtóghtar gaolta maithe, ina mbítear ag iarraidh gníomhú ar bhealach cóir cothrom le cách.

Samplaí: Coiste Frithbhulaíochta, Comhairle Scoile, tiomsú airgid do Thrócaire. Cuir liosta le chéile de na smaointe a thagann ó na péirí éagsúla.



An bhfuil bealaí ann ina bhféadfadh an rang sin agaibhse cabhrú le hionchuimsitheacht agus Críostaíocht na scoile sin agaibhse a chur chun cinn?



Dúshlán Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha:

An bhféadfadh an rang glacadh le Dúshlán Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha, nó an bhféadfadh an scoil ar fad é a dhéanamh? Déantar slabhraí páipéir agus luaitear dea-ghníomh ar gach stiall pháipéir. Tá liosta smaointe ar an gcéad leathanach eile.

Tá cóip Google doc anseo: cniog ar ‘make a copy’. <https://bit.ly/2jYzo6H>

Tráth Uimhearthachta: Comhair agus déan taifead ar an méid dea-ghníomhartha a dhéanann baill an ranga, agus baill na scoile má bhíonn siadsan bainteach leis an iarracht.





Glac le Dúshlán Síthe Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha! Déan an méid agus is féidir!

DÚSHLÁN SÍTHE SHEACHTAIN NA SCOILEANNA CAITLICEACHA

- Cuir féirín deas i mála nó locar dhuine eile
- Tabhair cabhair sa bhaile sula n-iarrtar ort í
- Ardaigh 3 phíosca bruscair agus cuir san araid iad
- Glaigh ar dhuine aosta (le cead ó do thuismitheoir)
- Sméid ar chúigear in aon lá amháin
- Cuir nóta buíochais sa phost chuig duine
- Éist le do chairde gan cur isteach orthu
- Inis scéal grinn do dhuine
- Mol ceathrar éagsúil i rith na seachtaine
- Cuir paidir ar son an duine eile
- Abair 'buíochas', 'brón orm', 'le do thoil' níos minice
- Deonaigh airgead do charthanacht
- Deonaigh éadaí don siopa carthanachta
- Seachain an plaisteach aonúsáide i rith na seachtaine
- Éist Aifreann nó guigh ar son an duine eile ag seirbhís urnaí
- Cuir ríomhphost ag gabháil buíochais nó a léiríonn ómós do dhuine
- Coimeád an doras oscailte do dhuine
- Bí ag bÁCáil nó ceannaigh rud deas do do mhuintir
- Las coinneal ar son an duine eile
- Gabh buíochas le Dia as do bhuntáistí gach lá
- Bíodh lá saor ón idirlíon agat
- Ná bí ag ithe bia beagmhaitheasa ar feadh seachtaine
- Ná cuir bia amú i rith na seachtaine seo
- Cuir an fón póca i leataobh má bhíonn duine ag caint leat
- Déan buíochas a ghabháil le múinteoir
- Bí ag caint le dalta nua i do rang féin, nó ar scoil
- Luaigh dea-thréithe dhaoine eile nuair a bhítear ag caitheamh anuas orthu
- Siúil, nó bain úsáid as rothar nó iompar poiblí in ionad síob a lorg, más sábháilte é, agus le cead ó do thuismitheoir.

